

# Polasaí Eachtrach Mussolini

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Tairseach

Acmhainní agus Tacaí do Mhúinteoirí

Pobail Chleachtais a Chruthú agus a Chothú



# An Caidreamh Eaglais – an Stát faoi Mussolini

# An Eaglais Chaitliceach agus Mussolini

- Ar dtús, bhí Mussolini naimhdeach i leith na hEaglaise Caitlicí.
- Dúirt se in 1919 *“We are the heretics of all churches”.*
- Ach chonaic sé go luath nach raibh aon chiall leis an seasamh sin i dtír a bhí chomh dílis don Eaglais Caitliceach agus a bhí an Iodáil.
- Ó 1921 ar aghaidh, rinne sé iarracht an Eaglais Chaitliceach a mhealladh.
- Nuair a tháinig sé chun cumhachta in 1922, d’ordaigh sé go mbeadh múineadh creidimh riachtanach i scoileanna agus in ollscoileanna.
- Chuir sé cosc ar fhoilseacháin gháirsiúla agus ag úsáid drochtheanga go poiblí.
- Chomh maith leis sin, chuir sé cosc ar dhíol coiscíní.




# An Eaglais Chaitliceach agus Mussolini

Faoi 1926, bhí caidreamh maith ag Mussolini leis an Eaglais Caitliceach.

Cé nár aontaigh an Eaglais Chaitliceach leis an bhforéigean a d’úsáid na faisistithe, dar leo go raibh an faisisteachas níos fearr ná an cumannachas.

Tháinig buacphointe an chaidrimh in 1929 nuair a shocraigh Mussolini an t-aighneas idir an Stát Iodálach agus an Eaglais Chaitliceach.

Ní raibh caidreamh maith idir an Stát Iodálach and an Eaglais Chaitliceach ó 1870 ar aghaidh, nuair a chuir arm na hIodáile smacht ar an Róimh le linn aontú na hIodáile.

# An Eaglais Chaitliceach agus Mussolini

In 1926 cuireadh tús leis na cainteanna ar "**Cheist na Róimhe"** idir Mussolini agus an Cairdinéal Gaspari, Rúnaí Stáit na Vatacáine.

Lean na cainteanna rúnda ar aghaidh ar feadh blianta ina dhiaidh sin.

Chuir Mussolini gaireas cúléisteachta i ngutháin na Vatacáine agus bhí a fhios aige céard a bhí ag teastáil acu chun an fhadhb a réiteach.

Bhí 4,000 milliún lira ag teastáil ón Vatacáin mar chúiteamh don talamh a chaill siad le linn aontú na hIodáile.

Thóg an stát go leor talún ó Stát an Phápa.

Shínigh an Vatacáin agus an Iodáil Conradh na Lataráine ar an 11ú Feabhra 1929.

# Conradh na Lataráine 1929




1. Tugadh aitheantas don Vatacáin mar stát neamhspleách.
2. Bhí Mussolini chun 750 milliún lira a íoc leis an Vatacáin mar chúiteamh mar gheall ar an méid a chaill na Papal States in 1870.
3. Ba é an Caitliceachas reiligiún oifigiúil an stáit.
4. Thug an Eaglais Caitliceach aitheantas don Stát Iodálach den chéad uair ó 1870.



# Conradh na Lataráine 1929

5. Cheap an Pápa gach easpag san Iodáil – le haontú Mussolini.
6. D'íoc an rialtas na sagairt agus na heaspaig íoctha.
7. Cuireadh múineadh creidimh isteach i ngach scoil stát.


Thug an conradh seo ardaitheantas do Mussolini sa bhaile agus thar lear agus dúirt Mussolini gur raibh sé ar cheann amháin de na rudaí is fearr a rinne sé agus é i gcumhacht.

# Breis coinbhleachta

- Cé gur tháinig feabhas ar an gcaidreamh idir an Eaglais Chaitliceach agus an stát níor chuir sé deireadh leis an gcoinbhleacht eatarthu.
- Bhí Mussolini in éad le cumhacht **Catholic Action**. Eagraíocht í seo a raibh 700,000 ball aici.
- Rinne sé iarracht smacht a chur uirthi in 1931 ach throid an pápa ar ais.
- Tháinig an bheirt ar réiteach a chuir teorann ar céard a bhí siad in ann dhéanamh. Bhí orthu cloí le gníomhachtaí creidimh amháin.
- Suas go dtí sin bhí Catholic Action gafa le cúrsaí sóisialta, ceardchumainn agus eagrú gníomhachtaí spóirt.
- Tar éis na heachtra seo, lean an caidreamh ar aghaidh ar leibhéal mhaith idir Mussolini agus an Eaglais Chaitliceach go dtí deireadh na 1930idí

# Forógra Della Razza

- D’fhás teannas idir an stát agus an Eaglais Chaitliceach arís in 1938 le forógra Della Razza.
- Cuireadh cosc ar phósadh idir Iodálaigh agus daoine nach raibh den chine Airianach.
- Giúdaigh eachtracha a tháinig isteach chuig an tír tar éis 1919, caitheadh amach iad.
- Ní raibh cead ag Giúdaigh obair mar mhúinteoirí, mar dhlíodóirí ná mar iriseoirí.
- An cinneadh chun idirdhealú a dhéanamh ar na Giúdaigh bunaíodh é ar na Naitsithe agus chun iad a shásamh thar aon rud eile.
- Níor cuireadh an forógra i bhfeidhm go docht, ach fós, cháin an pápa iad.




# Caidreamh le Pius XII

Toghadh Pápa nua i Márta 1939 tar éis bhás Pius XI – Pius XII.

Cé nár chuir an Pápa nua isteach ar an stát chomh mór agus a chuir an Sean-Phápa, bhí teannas fós idir an eaglais agus an stát.

Cúpla uair mhol an Papa do Mussolini fanacht neodrach le linn an Dara Cogadh Domhanda.


L'OSSERVATORE ROMANO

GIORNALE QUOTIDIANO — POLITICO RELIGIOSO

UNICUIQUE SUUM — NON PRAEVALEBUNT

CITTÀ DEL VATICANO — Mercoledì 11 Agosto 1943

Nostre Informazioni

La guerra e l'uomo

Omaggi filiali

L'omaggio riconoscente del Perù al Santo Padre e le tre nuove Provincie ecclesiastiche

PRIMITIVI E FAMIGLIA

La storia della famiglia: Culture semplici

Allevatori nomadi di bestiame

Agricoltori

Cacciatori collettivi

NOTIZIARIO INTERNAZIONALE

Nel Comitato di Algeri

La lotta contro il mercato nero in Francia

Kiosseivanov ricevuto da Re Boris

Roosevelt nel Canadà

Nel commercio americano

Dichiarazioni del Ministro degli esteri cileno

Mobilitazione civile in Bulgaria

Riduzioni di prezzi in Turchia

Il nuovo Presidente del Paraguay

Ferro spagnolo in Argentina

# Caidreamh le Pius XII

Ba é *L'Osservatore Romano* nuachtán na Vatacáine agus d'fhoilsigh sé ailt a bhí frithfhaisisteach.


I mBealtaine 1940, phriontáil sé teachtaireachtaí comhbhróin ón bPápa chuig Rí na Beilge, banríon na hÍsiltíre agus Ard-Bhandiúc Lucsamburg nuair a ghabh na Naitsithe a dtíortha.

Nuair a chuaigh an Iodáil isteach sa chogadh, dúirt Mussolini leis an Vatacáin go mbeadh cosc ar an bpáipéar dá leanfadh siad ar aghaidh agus gheall an phápa nach leanfadh.



# Polasaí Eachtrach na hIodáile

IT'S HUMILIATING TO REMAIN WITH FOLDED ARMS WHILE OTHERS MAKE HISTORY. IT DOESN'T MATTER MUCH WHO WINS. TO MAKE A PEOPLE GREAT IT IS NECESSARY TO SEND THEM INTO BATTLE, EVEN IF YOU HAVE TO KICK THEM IN THE PANTS….
MUSSOLINI 1935



# Polasaí Eachtrach na hIodáile

Is é is aidhm do pholasaí eachtrach Mussolini ná chun talamh agus stádas a fháil don Iodáil.

Dúirt nach raibh an Iodáil sásta ach gur *“nation hungry for land”* í.

Chreid sé go raibh arm, cabhlach agus aerfhórsa láidre ag teastáil.

Ach bhí bacainn ann i dtaobh a aidhmeanna – acmhainní, ní raibh a lán acmhainní ag an Iodáil – gual agus ola.

Ach níor chuir sé seo isteach ar Mussolini agus bhain sé úsáid as bolscaireacht chun ligean air gur tír láidir í an Iodáil.



# Caidreamh le Gearmáin na Naitsithe 1933 - 35

Ar dtús bhí Mussolini an buartha faoi Hitler ag teacht chun cumhachta.

Bhí bagairt ann i bplean Hitler chun gach duine a labhair Gearmáinis a aontú in aon tír amháin. I dtuaisceart na hIodáile bhí seanchuid den Impireacht Ostra-Ungárach ann agus bhí 200,000 cainteoir Gearmáinise ina gcónaí ann.

Nuair a dhúnmharaigh Naitsithe na hOstaire an príomh-aire Engelbert Dollfuss (náisiúnach a bhí i gcoinne aontú leis an nGearmáin) sheol Mussolini 40,000 trúpa chuig an teorann chun cinntiú nach mbeadh coup d'état ann.

Ní raibh an Ghearmáin réidh do chogadh agus sheas sí siar.

# Caidreamh le Gearmáin na Naitsithe 1933 - 35

Ag iarraidh an caidreamh a fheabhsú, chuaigh Hitler ar thuras chun na hIodáile in 1934.

Ní raibh Mussolini tógtha leis agus dúirt sé go raibh sé ina

*"a silly little clown and a talkative monk".*

Bhuail an Iodáil, an Fhrainc agus an Bhreatain le chéile in 1935 i Stresa i dtuaisceart na hIodáile.

Bhí siad buartha faoi phleananna Hitler le haghaidh atharmála.

Bhunaigh siad an Fronta Stresa.

Comhrún a bhí ann agus cháin sé pleananna Hitler.





# Cogadh leis an Aibisín 1935 – 36

Cor i bpolasaí eachtrach Mussolini ba ea Cogadh na hAibisíne.

Bhí deireadh leis na laethanta ina raibh Mussolini ina thaidhleoir síochánta agus thosaigh an Iodáil ag bogadh i dtreo comhaontais leis an nGearmáin.

Bhí Mussolini ag iarraidh Impireacht nua na Róimhe a chruthú.

Bhí sé ag iarraidh loch Iodálach a dhéanamh den Mheánmhuirí.

Mar sin, chonaic sé bua san Aibisín mar chéim san aidhm sin.


# Cogadh leis an Aibisín 1935 – 36

Chomh maith leis sin, bhí sé ag iarraidh díoltas a fháil ar an Aibisín de bharr go raibh bua aici ar an Iodáil i gcogadh in 1896.

Tharla an cogadh ag am nuair a bhí an fás eacnamaíochta ag moilliú san Iodáil agus tharraing an cogadh aird de theipeanna Mussolini sa bhaile.

Thuig Mussolini nach mbeadh an Fhrainc nó an Bhreatain sásta aon rud a dhéanamh de bharr go raibh siad buartha faoi atharmáil na Gearmáine faoi Hitler.

Chuaigh Rúnaí Gnóthaí Eachtrannach na Breataine, Anthony Eden, chuig an Iodáil agus rinne sé iarracht intinn Mussolini a athrú.





# Cogadh leis an Aibisín 1935 – 36

Theip ar Eden agus d'ionsaigh an Iodáil an Aibisín i mí Dheireadh Fómhair 1935.

Bhain an Iodáil úsáid as buamadóirí troma agus gás nimhiúil i gcoinne threibheanna na hAibisíne.

Chuir sé seo déistin ar an domhan agus mhéadaigh an brú ar na tíortha daonlathacha chun rud éigin a dhéanamh.

Chuaigh Impire na hAibisíne - Haile Selassie - chuig Léig na Náisiún ag lorg cabhrach.

# Cogadh leis an Aibisín 1935 – 36

Bunaíodh an Léig in 1920 in Geneva chun teacht ar réitigh síochánta ar fhadhbanna idirnáisiúnta.

Cé go ndúirt an Léig gur thosaigh an Iodáil an cogadh, ní raibh siad ina ann smaoineamh ar phlean.

Ar dtús, dúirt an Bhreatain agus an Fhrainc gur cheart go mbeadh an Aibisín roinnte idir an Iodáil agus an Aibisín ach nuair a chuala muintir na hAibisíne faoi seo ní raibh siad sásta glacadh leis.

Mar sin, thóg an Leig an cinneadh chun smachtbhannaí eacnamaíochta a chur ar an Iodáil.

# Cogadh leis an Aibisín 1935 – 36

Ach níor oibrigh na smachtbhannaí de bharr nár cuireadh san áireamh rudaí a bhí riachtanach do chogadh – rudaí ar nós guail, iarainn agus ola.

Ciallaíonn smachtbhannaí cosc ar thrádáil d’earraí.

Ní raibh muintir na hIodáile sásta nuair a chuala siad faoi na smachtbhannaí seo.

Cé go raibh na smachtbhannaí an-teoranta, thosaigh an Iodáil ag féachaint i dtreo Hitler le haghaidh comhaontuithe trádála.

Faoi Bhealtaine 1936, bhí an cogadh thart agus bhí an Iodáil ina himpireacht arís – bhí muintir na hIodáile fíorsháste leis seo.



# Ais na Róimhe–Beirlín 1936

Tháinig feabhas ar an gcaidreamh idir an Iodáil agus an Ghearmáin agus an bheirt ag cabhrú le Franco le linn Chogadh Cathartha na Spáinne in 1936.

Bhí Mussolini ag súil dá mbeadh an bua ag Franco go mbeadh tionchar aige ar chuid mhór den Meánmhuirí.

Chomh maith leis sin, bhí sé ag súil go mbeadh bua idirnáisiúnta in ann aird a tharraingt de theipeanna a bhí ag tarlú san Iodáil.

# Ais na Róimhe–Beirlín 1936




Ach a malairt a tharla. Léirigh an cogadh nach raibh an traenáil cheart ag saighdiúirí na hIodáile agus bhí a gcuid arm as dáta.

Mar thoradh bhí ar Mussolini brath níos mó agus níos mó ar na Naitsithe le haghaidh tacaíochta.

I Samhain 1936, shínigh Aire Gnóthaí Eachtrannach na hIodáile, an Cunta Ciano (mac cleamhnais Mussolini) an chéad chonradh idir an 2 thír.

Ais na Róimhe–Beirlín.

# Ais na Róimhe–Beirlín 1936

Dúirt an conradh go raibh an chumhacht ar fad san Eoraip bunaithe ar ais a chuaigh ón Róimh go Beirlín.

Bhí Mussolini fíorshásta leis seo cé nach raibh sé fíor.

I Mean Fómhair 1937, shínigh an Iodáil, an Ghearmáin agus an tSeapáin an Comhaontú Frith-Chumannachais.

Ba í aidhm an chonartha seo ná scriosadh an APSS agus deireadh a chur le scaipeadh cumannachais.





# Comhaontú na Cruach 1939

Shínigh an Iodáil agus an Ghearmáin comhaontú mhíleata i mBealtaine 1939.

Dúirt Comhaontú na Cruach go mbeadh an 2 thír sásta cabhrú lena chéile le linn cogaidh sa todhchaí.

Ligeadh do Mussolini a chreidiúint nach dtarlódh cogadh taobh istigh de 4 bliana.

I Lúnasa 1939, dúirt aire gnóthaí eachtrannach na Gearmáine, Von Ribbentrop, go mbeadh cogadh ann go luath.

Bhí ionadh an domhain ar Mussolini mar ní raibh an Iodáil réidh do chogadh in aon chor.

# Comhaontú na Cruach 1939

Dúirt Mussolini nach mbeadh an Iodáil in ann páirt a ghlacadh murar thug an Ghearmáin acmhainní riachtanacha dóibh don chogadh.

Bhí an liosta chomh fada nach raibh an Ghearmáin in ann é a líonadh agus bhí an Iodáil in ann fanacht neodrach.

Ar an liosta bhí 7 milliún tona ola, 6 milliún tona guail, 2 milliún tona cruach, milliúin tona adhmaid, 17,000 feithicil mhíleata agus 150 gunna frith-aerárthaí.

Ghlac Hitler leis nach mbeadh sé in ann an liosta seo a chomhlíonadh.

Mar sin d'iarr sé ar Mussolini tacaíocht pholaitíochta a thabhairt dó.

# An Iodáil sa Chogadh 1940




Tar éis don Ghearmáin smacht a chur ar an bPolainn, ar an Danmhairg, ar an Iorua, ar an mBeilg, ar an Ísiltír agus ar an bhFrainc chuaigh an Iodáil isteach sa chogadh ar thaobh na Naitsithe.

Ach chuaigh rudaí in olcas ón gcéad lá.

Chaill fórsaí na hIodáile go dona sa Ghréig agus i dtuaisceart na hAfraice.

Is féidir dúnmharú Mussolini a leagan ar an gcinneadh a thóg sé chun an Iodáil a tharraingt isteach sa chogadh.

# Measúnú

Bhí réimeas Mussolini bunaithe den chuid is mó ar bholscaireacht agus ar ghaisce.

Chun an fhírinne a rá, ní raibh an réimeas rórathúil.

Tógadh an réimeas ar bholscaireacht faoi láidreacht agus uaisleacht na hIodáile cé nach raibh sé fíor.

Nuair a theip ar Mussolini a spriocanna inmheánacha a bhaint amach, dhírigh sé ar pholasaí eachtrach bunaithe ar fhorleathnú – an chúis ar theip ar an réimeas faisisteachais ina iomlán in 1943.

Cé gur tháinig sé ar réiteach leis an Eaglais Chaitliceach agus bhí roinnt rathúlacht gearrthéarmach ann maidir leis an eacnamaíocht, rinneadh áibhéil mhór ar na gníomhartha seo trí bholscaireacht.

Ce go raibh go leor ráite maidir leis an bplean de mhíntíriú talaimh ní raibh ach 10% de déanta faoi 1939.